Lch	**Téarma**	**Míniú**
7	Ní raibh *néal* sa spéir	Ní raibh *scamall* sa spéir, meall bán, scamall lomrach sa spéir
8	Níl a fhios agam *caidé* an fáth...	*cad é*/Níl a fhios agam cén fáth
	bligeard a bhí ann	*rascail* a bhí ann, *rógaire*
	Bhíodh siad ag cur *mallachtaí* ar dhaoine	chuir siad *mí-ádh* ar dhaoine
	an t-athair mór	an seanathair
	bhí *spága* móra aige	bhí *cosa* móra, ciotacha, aige
	an bealach mór	an bóthar
	duine/súil/bata *inteacht*	duine/súil/bata *éigin*
	tchífidh tú	*feicfidh* tú
10	bhí sé *nimhneach*	bhí sé *pianmhar*, *tinn*
11	bhí páistí ag *scigireacht*	bhí páistí *ag gáire go magúil*
	rith *smuga* óna srón	rith *sreabhán/smaois* as an tsrón
	an *gaosán*	an *tsrón*
	dealg/*dealga*	*spící géara* a fhásann ar rósanna, mar shampla
	bhí sé ag *tochas*	bhí sé ag scríobadh a chraiceann lena chuid ingne
12	ag *broimnigh*	*ag saoileadh broma*, ag briseadh gaoithe, a bhfuil drochbholadh uirthi, as a thóin
	a *chluinstin*	a *chloisteáil*
	ag tachtadh	gan a bheith ábalta análú mar gheall ar bhac sa scornach
	an draoi	an duine a imríonn draíocht
13	ag cur isteach ar dhuine	ag cur fearg/míshástacht ar dhuine
	draíocht dhorcha	ealaín dhubh a chleachtann bithiúnaigh
14	plaic a bhaint as rud	greim a bhaint as rud
	an cál	an cabáiste
	na préataí	na prátaí
15	ag argáil	ag argóint, comhrá teasaí agus tuairimí difriúla a bheith ag daoine
16	achan duine	gach aon duine, chuile dhuine
	a *dhíbirt* as an oileán	a *chaitheamh amach* as an oileán
	cuidiú le duine	cabhrú le duine
17	lig sé scairt	lig sé béic, scread
18	giota páipéir	píosa páipéir
	tiontaigh thart	cas timpeall
	Bundúchasaigh na hAstráile	na chéad daoine a raibh cónaí orthu san Astráil
20	ag casacht	ag glanadh na scornaí
21	cén dóigh?	conas?
	druid an doras	dún an doras
22	Colm agus Beaglaoch araon	an bheirt acu

23	bhí bainte aige	bhí buaite aige
	mo bharúil	mo thuairim
24	amharc air sin	féach, breathnaigh air sin
	an asarlaíocht	an draíodóireacht, an ealaín dhubh
	an págánach/na págánaigh	an duine/na daoine gan chreideamh
26	barraíocht ama	an iomarca ama
27	tá timireacht le déanamh	tá obair tí le déanamh
28	músclaígí!	dúisígí!
	an bomaite	an nóiméad
	ar mire	ar buile, craiceáilte
	an deamhan	an diabhal
29	draíocht s'againn féin	ár gcuid draíochta
	thug mé cic daofa	thug mé cic dóibh, díobh
30	go gasta	go tapa, sciobtha
	an uaimh	an poll mór faoi aill
	an namhaid	an duine nach maith leat
31	an ceo	scamall anuas ar an talamh
33	ag toiseacht	ag tosú
34	faoileog	faoileán; éan mór farraige
	ní dúirt sé dada	ní dúirt sé rud ar bith, tada
35	an loinnir	an solas/gile
36	cúlaigh	téigh ar cúl
	go faichilleach	go cúramach
37	tá uchtach agam	tá misneach agam
38	bhí an t-oileán bainte amach aige	shroich sé an t-oileán
39	ag triomú a bhróg	ag fáil réidh leis an uisce as a bhróga
40	an beithíoch	an t-ainmhí
41	rud a cheilt	rud a choinneáil faoi rún
42	an dóigh	an tslí, an bealach, an chaoi
43	bhí nimh ann	bhí substaint, a d'fhágfadh marbh thú dá dtógfá isteach sa chorp é, ann
44	na pislíní	na prislíní, uisce a thiteann as an mbéal, go háirithe ag leanbh
	an geafta	an geata
	an madadh	an madra
	na naoimh uilig	na naoimh ar fad, go léir
48	an sceadamán	an scornach
50	is deacair é a chreidbheáil	is deacair é a chreidiúint
53	fosta	freisin
54	fágadh balbh é	fágadh gan focal é, gan chumas cainte
	fán cheo agus fán mhadadh	faoin gceo agus faoin madra
55	thig leat	is féidir leat, tá tú in ann

	smaointigh sé ar an mholadh	smaoinigh sé ar an moladh